


Lucht iarrtha tearmainn

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi lucht iarrtha tearmainn i nDún na nGall. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?



- county councillor _____
- secondary school principal _____
- asylum seeker _____
- Direct Provision Programme _____
- long-term accommodation _____
- unprofessionally _____
- supervision _____
- having suffered from war _____
- ignorance _____
- it is thought _____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth a bhfuil Bun an Phobail sa Nuacht?
2. Cad a dhéanann an Clár Soláthair Dhíreach?
3. Cad a bhí le rá ag Martin Farren, Antaine Ó Dúgáin agus ag Siobhan Shiels faoin scéal?
4. Cathain a bheidh na hiarrthóirí tearmainn ag teacht go Bun an Phobail?

Ceist 3

‘...cruthaíonn aineolas eagla...’

Pléigh an frása thuas leis an duine in aice leat. Cad is brí leis? Tugaigí samplaí chun bhur gcuid tuairimí a shoiléiriú.

Ceist 4 ‘...a lonnú...’ agus ‘...ag teacht...’

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?
2. Féach ar na habairtí seo agus cuir líne faoin ngné sin i ngach abairt:

*Tá mé ag glanadh an tí.
Ní maith liom an teach a ghlanadh.
Tá mé ag ól uisce.
Caithfidh mé uisce a ól.*

3. An féidir leat a rá cén fáth nach bhfuil deireadh na mbriathra mar an gcéanna sna samplaí thíos?

*bris – briseadh
mol – moladh*

*aimsigh – aimsiú
socraigh – socrú*

4. Féach ar an mír arís. Breac síos gach sampla den ghné chéanna a chloiseann tú inti.

Ceist 5 ‘...i gceann cúpla seachtain...’ **ACH** i gceann seachtaine

Féach ar na samplaí agus ansin aistrigh na habairtí go Gaeilge.

*ar feadh bliana; ar feadh trí bliana
go ceann coicíse; go ceann ceithre mhí
i gceann lae; i gceann cúpla lá*

- He'll be staying here for a month.
- I was in Spain last year for three weeks.
- They won't be here for another few hours.
- I will see you in a few weeks.
- Your mother will be home in five minutes.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Conas a mhothaíonn tú nuair a chloiseann tú faoi scéalta ar nós an scéil sa mhír – iarrthóirí dídine ag teacht go hÉirinn?
2. Cén fáth a bhfuil an oiread sin iarrthóirí dídine ar fud an domhain faoi láthair, dar leat?
3. An gcaitheann na hÉireannaigh go maith leis an lucht iarrtha tearmainn, dar leat? Mínigh.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

county councillor	<i>comhairleoir contae</i>
secondary school principal	<i>príomhoide meánscoile</i>
asylum seeker	<i>iarrthóir dídine, iarrthóir tearmainn</i>
Direct Provision Programme	<i>Clár Soláthair Dhíriú</i>
long-term accommodation	<i>lóistín fadtréimhseach</i>
unprofessionally	<i>go míghairmiúil</i>
supervision	<i>feitheoireacht</i>
having suffered from war	<i>i ndiaidh fulaingt ó chogadh</i>
ignorance	<i>aineolas</i>
it is thought	<i>meastar</i>

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 4

1. An t-ainm briathartha.
2. Féach ar na habairtí seo agus cuir líne faoin ngné sin i ngach abairt:

*Tá mé ag glanadh an tí.
Ní maith liom an teach a ghlanadh.
Tá mé ag ól uisce.
Caithfidh mé uisce a ól.*

3. Briathra den **chéad réimniú** iad bris agus mol. Is iad *–adh* agus *–eadh* na deirí a bhíonn ar ainmneacha briathartha na mbriathra seo sa chéad réimniú, a bhfuil fréamhacha aonsiollacha acu agus a chríochnaíonn ar chonsan seachas *–gh*.

Briathra den **dara réimniú** iad aimsigh agus socraigh. Is iad *–ú* agus *–iú* na deirí a bhíonn ar ainmneacha briathartha na mbriathra seo sa dara réimniú, a bhfuil fréamhacha ilsíollacha acu agus a chríochnaíonn ar (a)igh.

4. Samplaí sa mír – *a lonnú, ag teacht, ag iarraidh, a eagrú, a bheith, le cur, fulaingt, ag freastal, fáil, a chur*.

Ceist 5

*Beidh sé ag fanacht anseo ar feadh míosa.
Bhí mé sa Spáinn anuraidh ar feadh trí seachtaine.
Ní bheidh siad anseo go ceann cúpla uair eile.
Feicfidh mé i gceann cúpla seachtain thú.
Beidh do mháthair sa bhaile i gceann cúig nóiméad.*

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Deir comhairleoir contae agus príomhoide meánscoile in Inis Eoghain i gContae Dhún na nGall go bhfuil díomá orthu faoin méid eolais a thug an rialtas don bpobal¹ ansin faoi phlean chun céad iarrthóir dídine a lonnú i mBun an Phobail. Deir an Comhairleoir Martin Farren nach bhfuil aon rud ag an bpobal i gcoinne na ndaoine ag teacht, ach gur cheart² go mbeadh sé ráite leis an bpobal.

Ailbhe Ó Monacháin

Seo óstán *Caiseal Mara* i mBun an Phobail i gContae Dhún na nGall. Níl sé in úsáid le dhá bhliain anuas. Tuairiscíodh le cúpla lá go bhfuiltear le céad iarrthóir dídine ó thar lear a lonnú anseo, mar chuid de Chlár Soláthair Dhírigh³ an rialtais, a chuireann lóistín gearr agus fadtréimhseach ar fáil d'iarrthóirí tearmainn. Tá an Comhairleoir áitiúil, Martin Farren, míshásta nach bhfuil rud ar bith ráite ag Comhairle Contae Dhún na nGall leis féin ná leis an phobal⁴ faoin phlean seo.

Deir sé go bhfuil an scéal láimhseáilte go míghairmiúil ag an Roinn Dlí agus Cirt. Deir sé go bhfuil 1400 duine ina gcónaí ar an bhaile seo agus nuair atá céad eile ag teacht go gcaithfear pleanáil d'infreastruchtúr mar oideachas, sláinte agus feitheoireacht. Tá sé ag iarraidh ar an Roinn anois cruinniú eolais a eagrú.

Dúirt príomhoide sa phobalscoil áitiúil gur mhaith leisean eolas a bheith tugtha dó faoi cén sórt⁵ soláthar oideachais agus ar araile a bheidh⁶ le cur ar fáil do dhéagóirí a bheadh ina measc. Agus an bhfuil siad i ndiaidh fulaingt ó chogadh agus ó thosca⁷ eile, mar shampla.

Antaine Ó Dúgáin, Príomhoide Phobalscoil Bhun an Phobail

Tá suim iontach agam má tá déagóirí ann mar beidh mise ag déileáil le daoine óga a bheadh ag freastal ar mheánscoil⁸. Tá a lán rudaí le fáil amach againn. Ba mhaith liom fáil amach an bhfuil Béarla acu?

Deir Siobhan Shiels on ghrúpa *Feachtas ar son Athraithe*⁹, *Inis Eoghain Le Chéile*, nach n-aontaíonn siadsan le Córas an tSoláthair Dhírigh¹⁰. Ach, ó tharla go bhfuil na daoine seo ag teacht go gcaithfear fáilte a chur rompu.

Deir sí go gcruthaíonn aineolas eagla i gcásanna mar seo agus go mbeadh an pobal ábalta fáilte níos fearr a chur roimh iarrthóirí dídine dá mbeadh siad ar an eolas níos fearr faoi cé go díreach atá ag teacht.

Meastar go bhfuil na hiarrthóirí dídine ag teacht anseo i gceann cúpla seachtain.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4, i mBun an Phobail, Contae Dhún na nGall.

¹ *don phobal* an leagan Caighdeánach

² *go gceart* a dúradh

³ *Chlár Soláthair Díreach* a dúradh

⁴ córas Uladh

⁵ *cén tsóirt* a dúradh

⁶ *a bheas* a dúradh

⁷ *ó thoscaí* a dúradh

⁸ *meánscoil* a dúradh

⁹ *Athrú* a dúradh

¹⁰ *leis an chóras Soláthair Díreach* a dúradh